Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 37

# Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh (le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2017, athraíodh ainm na Roinne ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí). Glac an Roinn freagracht as Gnóthaí Fostaíochta ar 2 Meán Fómhair 2017. Roimhe sin, ba é an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a ghlacadh leis na freagrachtaí sin. Ní raibh aon tionchar ábartha aige sin ar chaiteachas na Roinne do 2017.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 do thuarastail agus costais Oifig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus as deontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €20 milliún faoi dhliteanas le géilleadh suas don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

### ***Soláthar Seirbhísí Gníomhaireachta***

I rith 2017, lena an Roinn ar aghaidh ag feidhmiú mar ghníomhaire íocaíochta don Roinn Airgeadais maidir le híocaíochtaí cnapshuime de chuid pinsinéirí Waterford Crystal de réir alt 48B d'Acht na bPinsean 1990, arna chur isteach le hAlt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2014. Rinneadh íocaíochtaí coicíse rialta a aistriú chuig seirbhísí comhroinnte párolla i nDeireadh Fómhair 2017. Ina theannta sin, lean an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íoctha don Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 5 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2014 maidir leis an deontas chaomhnaithe uisce. Déantar na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna Cuntais Airgeadas agus sa Chuntas Leithreasa de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil faoi seach.

## Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa de réir mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017 a chur chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

### ***Aisghabháil ró-íocaíochtaí***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas:

Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamhmheaitseáilte aisghabhála ar feitheamh agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam a dhéanann laghdú comhfhreagrach ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir fáltais ró-íocaíochta, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), faoi mar is cuí.

Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam den na bliana reatha cuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

***Íocaíochtaí a aithint***

Is éard atá i gceist leis na híocaíochtaí ná na suimeanna siúd a thagann isteach i rith na bliana trí íocaíochtaí. Meastar gurb é an pointe a thagann an íocaíocht isteach ná an pointe ag a tabhaítear an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar Lá Saoire Bainc, d’fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh bliana, is gnách go naithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in Oifigí Poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialaithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais
- tá taifead déanta i ndoiciméid ar na nósanna imeachta príomhacha
- tá córais socraithe chun cosaint a thabhairt do na sócmhainní.

***Sócmhainní Caipitil a Rialú***

Tá grúpa oibre sócmhainní seasta ag dul i ngleic le buarthaí maidir le réiteach chlár sócmhainní seasta agus sócmhainní seasta faoi fhorbairt de chuid na Roinne leis an gcuntas leithreasa. Dhírigh obair an ghrúpa seo i dtosach ar na cláir shócmhainní a réiteach leis an gcuntas leithreasa agus tá sé ag díriú anois ar na fardail fhisiciúla.

I rith 2017, tugadh faoi seiceálacha ar na bhfardail ag 38 láthair de na 355 atá ag an Roinn, agus rinneadh fardal leictreonach de shócmhainní TF na Roinne a thiomsú go hiomlán siar a fhad le cláir shócmhainne seasta na Roinne. Is é luach iomlán na bhfardal fisiciúil agus leictreonach a réitíodh do na cláir shócmhainne €4.3 milliún (bunchostas). Tá sé taifeadta go raibh €350 milliún de shócmhainn i gclár shócmhainn na Roinne ag deireadh 2017.

Mar thoradh ar na seiceálacha fardail, rinneadh sócmhainní a raibh luach scríofa anuas de €123,000 orthu a dhíscíobh in 2017. Tá seiceálacha fardail bhreise fhisiciúla á bpleanáil. Rinneadh córas barrachódaithe leictreonaigh, atá le húsáid chun sócmhainní a chlibeáil, a thabhairt isteach agus cuireadh tús le sócmhainní a chlibeáil in 2016.

Tá forbairt córas breise ag dul chun cinn faoi láthair ionas go mbeifear in ann clibeáil sócmhainne a mbeifear in ann ceanglas a dhéanamh idir é agus an clár sócmhainn a chruthú ag an gcéim ceannaithe.

***Réitigh Fiachais***

Tugadh Córas Cuntasaíochta Fiachais agus Fáltas (CCFF) nua isteach sa Roinn i Samhain 2014. Ceadaíonn an córas fiachas a chur i dtaifead agus a phostáil go huathoibríoch a ghnóthaítear in oifigí áitiúla na Roinne, ó na cuntais bhainc dá cuid a n-íoctar an fiachas leo agus trí asbhaint a dhéanamh ó na híocaíochtaí a dhéanann an Roinn le custaiméirí.

Ba é iarmhéid féichiúnaí an CCFF ag 31 Nollaig 2017 €499 milliún, ar bhain €412 milliún de le Vóta 37 agus €87 milliún leis an CÁS.

Rud eile a tharla in 2017, ná gur aisghabhadh €81 milliún tríd an CCFF i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime, ar bhain €67 milliún de leis an Vóta agus €14 milliún leis an CÁS.

Ón am a tháinig CCFF isteach déanach in 2014, rinneadh tagairt do dhifríochtaí nach bhfuil réitithe sna Ráitis ar Rialú Inmheánach Airgeadais (RRIA) in 2015 agus in 2016 maidir le féichiúnaithe a bhaineann le CCFF, le suimeanna a aisghabhadh iad, agus le hiarmhéideanna bainc agus airgid tirim. Cé go bhfuil an Roinn tar éis acmhainní breise a leithdháileadh ina leith agus go bhfuil dul chun cinn déanta maidir leis na bhfadhbanna seo, fós tá difríochtaí nach bhfuil réitithe don bhliain cuntasaíochta 2017 a mbeidh gníomh leigheasta de dhíth air in 2018. Bhí na difríochtaí seo a leanas nach bhfuil réitithe fós ann ag 31 Nollaig 2017:

- Difríocht de €294,529 (2016: €26,587) idir an t-iarmhéid féichiúnaí deiridh arna ríomh trí thagairt a dhéanamh do thuarascálacha ón CCFF ar na hidirbhearta sa chuntas sa bhliain, agus do liostú na bhféichiúnaithe ag deireadh na bliana.
- Difríocht €104,170 (2016: €21,649) idir na haisghabhálacha a liostaítear ar an CCFF agus iad siúd atá curtha i dtaifead ar chóras cuntasaíochta na Roinne.
- Difríocht de €178,704 (2016: €390,565) idir ráitis bhainc na Roinne agus leabhair chuntas dá cuid.
- Difríocht idir tuarascálacha oifig aisghabhála airgid thirim na Roinne agus an córas cuntasaíochta dá cuid arb ionann iad agus €27,659 ag deireadh na Nollag 2017 (2016: €57,777). Cuirtear airgead ar láimh €44,869 sna 141 tuarascáil seo i gcomparáid leis an gcóras cuntasaíochta ina gcuirtear airgead ar láimh €72,528.

Mar atá luaite thuas, ó Nollaig 2017 i leith tá an Roinn tar éis acmhainní breise a leithdháileadh chuige seo agus tá sé i mbun saothrú chun na fadhbanna thuasluaite a réiteach. Meastar go mbeidh athruithe breise ar phróiseas córais agus gnó ag teastáil chun na ceisteanna seo a baineann le CCFF a réiteach.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgais agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go bhfeidhmítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí um rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Soláthar Poiblí***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Tá an Roinn tar éis trí chonradh déag ar luach de €4,909,228 nár bhain próiseas soláthair leo i dtuairisceán bliantúil 40/02 na Roinne leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus luadh sa tuairisc sin go raibh 6 cinn de na conarthaí sin, ar luach €1,238,298 san iomlán a bhí neamh-comhlíontach.

Seo a leanas sonraí faoi na conarthaí neamhchomhlíontacha

- Bhí gá ag conraitheoir tosaigh le hobair sainchomhairleoireachta maidir le conradh soláthair amháin ar luach de €41,500 chun comhairle saineolaíoch a fháil i dtaca leis an gcárta seirbhísí poiblí agus seirbhísí eile gaolmhara leis. Ba é an conraitheoir an t-aon fhreagróir amháin a chuir tús le próisis soláthair in 2011 agus in 2015. Cuireadh tús le hiomaíocht oscailte soláthair ar 4 Eanáir 2018 agus eisíodh conradh nua in Aibreán 2018.
- Rinneadh trí chonradh sholáthair ar luach €1,110,022 fad a bhíothas ag feitheamh le tabhairt chun críche tairiscintí, creataí agus conarthaí láraithe san an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSG). Bronnadh dhá cheann de na trí chonradh seo ina dhiaidh sin faoin gcreat OSG. Maidir leis an tríú conradh, cé go bhfuil creat OSG i bhfeidhm, rinneadh an conradh atá ann faoi láthair a síneadh amach ar feadh 6 mí breise chun tástáil a dhéanamh ar cheisteanna slándála maidir le bainistiú ar ghléasanna móibíleacha.
- Rinneadh dhá chonradh ar luach iomlán de €86,776 a shíneadh amach chun aistriú chuig soláthraithe nua a éascú. Faoin am seo, tá conarthaí nua socraithe a rinneadh iad ar bhonn iomaíoch i gcás an dá chonradh ó Mheán Fómhair agus ó Dheireadh Fómhair 2017 faoi seach.

Bhí roinnt conarthaí ann a shásaíonn rialacha eisceachta de chuid an AE.

- Bhí conradh soláthair amháin ann ar luach €3,187,680 a raibh gá leis le haghaidh seachadtaí breise ón soláthraí tosaigh, de réir Alt 72(1)(b) de I.R. Uimh. 284 de 2016 (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dhámhachtain Conarthaí Údarás Poiblí), 2016). Is é an creat ama atá gá leis chun feidhm a bheith ag conradh nua ná 8-10 mí ón dáta bronnta agus, idir seo agus siúd, níltear in ann conraitheoir a aistriú ar chúiseanna eacnamaíochta agus teicniúla, lena n-áirítear riachtanais inmhalartachta nó idir-inoibritheachta maidir leis an bhfearas, na seirbhísí agus an bonneagar atá ann faoi láthair agus a soláthraíodh iad sa soláthar tosaigh. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE) ar 16 Feabhra 2018 agus bronnadh conradh i Meitheamh 2018.

- Rinneadh sé chonradh ar luach iomlán €483,250 a shíneadh/a thar-rolladh d'fhonn leanúnachas na seirbhíse a shocrú. I ngach uile chás bhí an soláthraí conartha i gceist ar an t-aon soláthraí oiriúnach a bhí ar fáil. Coimeádann an Roinn na conarthaí seo faoi athbhreithniú agus fiosraíonn sí na roghanna is cuí i dtaobh a riachtanais leanúnacha ghnó a chomhlíonadh.

***An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na príomhghníomhartha a dhéantar chun déileál leis na rioscaí sin agus, chomh fada is gur féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina aithnítear na príomhrioscaí atá ann don Roinn agus tá na rioscaí sin aitheanta, tá measúnacht déanta orthu agus tá siad grádaithe in ord suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár seo a athbhreithniú agus a nuashonrú gach ráithe. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun pleanáil a dheánamh agus chun achmhainní a leithdháileadh ar shlí ina dheimhnítear go ndéantar dóthain bainistíocht orthu.

Sa chlár rioscaí cuirtear síos sonraí ar na gníomhartha atá de dhí chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha riosca.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá gnásanna foirmeálta curtha ar bhun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear na daoine sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh chomh maith leis an bainisteoireacht agus an Bord Bainistíochta ar an eolas faoi aon lagaithe rialaithe, nuair is gá, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na príomhrioscaí agus na rialaithe a baineann leo aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriúchán na príomhrialaithe sin agus chun aon lagaithe ar tugadh faoi deara iad a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Deimhním go bhfuil gnásanna curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a cuid gnásanna bainistíochta riosca agus rialaithe. Déanann obair na iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha bonn eolais a chur ar an monatóireacht agus an athbhreithniú a dhéantar ar éifeachtúlacht an chórais rialú inmheánach airgeadais atá againn agus tá an bainisteoireacht shinsearach sa Roinn freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreat rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Ceisteanna a bhaineann le Rialú Airgeadais Inmheánach***

Níor tugadh aon lagaithe sna rialaithe inmheánacha airgeadais faoi deara maidir le 2017 a raibh caillteanas i gceist gur gá é a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

31 Lúnasa 2018

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Rialtacht chaiteachais***

Baineann Caibidil de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2017 le híocaíochtaí leasa os cionn teidlíochtaí atá san áireamh i gcuntas 2017 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta árbarta.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2017.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 12 agus 14 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vota 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2018

# Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta
# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Riarachán | | | | | |
| | *Bunaidh* | 550,686 | | | |
| | *Forlíontach* | (19,500) | 531,186 | 520,906 | 486,368 |
| Pinsin | | | | | |
| | *Bunaidh* | 971,980 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,520 | 993,500 | 994,740 | 982,138 |
| Daoine in aois oibre - tacaíochtaí ioncaim | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,889,770 | | | |
| | *Forlíontach* | (41,620) | 2,848,150 | 2,845,390 | 3,190,329 |
| Daoine in aois oibre - tacaíochtaí fostaíochta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 951,520 | | | |
| | *Forlíontach* | (37,200) | 914,320 | 904,525 | 996,179 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,442,550 | | | |
| | *Forlíontach* | 114,110 | 2,556,660 | 2,557,113 | 2,330,712 |
| Leanaí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,605,870 | | | |
| | *Forlíontach* | (460) | 2,605,410 | 2,603,327 | 2,576,545 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, srl. | | | | | |
| | *Bunaidh* | 632,426 | | | |
| | *Forlíontach* | (26,849) | 605,577 | 608,506 | 653,052 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | (1) | — | — | — |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 11,044,803 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **11,054,803** | **11,034,507** | **11,215,323** |
| *Luíde* | | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **264,064** | **264,787** | **272,843** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,780,739 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,000 | | | |
| | | | **10,790,739** | **10,769,720** | **10,942,480** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid arna chur ar fáil thar an nglanmhéid arna chur i bhfeidhm dlite le géilleadh suas don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn le bheith curtha le caiteachas na bliana ina dhiaidh.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 21,019,255 | 38,949,110 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,000,000) | — |
| **Barrachas le géilleadh** | **20,019,255** | **38,949,110** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

31 Lúnasa 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 10,513,601 | 10,728,955 |
| Pá | | 293,330 | 295,975 |
| Neamhphá | | 227,576 | 190,393 |
| **Ollchaiteachas** | | **11,034,507** | **11,215,323** |
| Luíde | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **264,787** | **272,843** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,769,720** | **10,942,480** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid tirim | (28,347) | | |
| Dímheas | 12,014 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí/ díscríobh | 123 | (16,210) | (18,854) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhraithe deiridh | 645 | | |
| Laghdú ar stoc | 128 | | |
| | | 773 | 6,682 |
| **Caiteachas díreach** | | **10,754,283** | **10,930,308** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 70,312 | 51,502 |
| Measchíosanna | | 13,437 | 13,472 |
| **Glanchostas cláir** | | **10,838,032** | **10,995,282** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 37 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 365 | 357 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 56,846 | 37,153 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 12,860 | 13,918 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte | m | 207 | — |
| Vóta 20 An Garda Síochána | m | — | 45 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | m | 34 | 29 |
| | | **70,312** | **51,502** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó gur costas cionroinnte atá san uimhir.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **116,470** | **100,260** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 346 | 474 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.11 | 55,508 | 67,832 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 167,647 | 205,123 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 13,979 | (14,152) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **237,480** | **259,277** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 147,107 | 150,196 |
| Speansais fhabhraithe | 2.10 | 48,091 | 59,770 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 34,519 | 40,775 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **229,717** | **250,741** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 7,763 | 8,536 |
| **Glansócmhainní** | | **124,233** | **108,796** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **124,233** | **108,796** |

### 2.1 Cuntas maoiniú Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 108,796 | 95,727 |
| Coigeartú | | | — | 897 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 10,790,739 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,000) | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (20,019) | | |
| Glanvóta | | | 10,769,720 | 10,942,480 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 70,312 | 51,502 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 13,437 | 13,472 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (10,838,032) | (10,995,282) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **124,233** | **108,796** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 272,378 | 33,193 | 18,228 | 323,799 |
| Breiseanna | 15,490 | 234 | 12,623 | 28,347 |
| Diúscairtí/ díscríobh[1] | (90) | (1,683) | — | (1,773) |
| Aistrithe | 15,620 | — | (15,620) | — |
| Costas nó luacháil 31 Nollaig 2017 | 303,398 | 31,744 | 15,231 | 350,373 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | 195,164 | 28,375 | — | 223,539 |
| Dímheas don bhliain | 10,982 | 1,032 | — | 12,014 |
| Dímheas ar dhiúscairtí/ díscríobh | (87) | (1,563) | — | (1,650) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | 206,059 | 27,844 | — | 233,903 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | **97,339** | **3,900** | **15,231** | **116,470** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 77,214 | 4,818 | 18,228 | 100,260 |

[1] Cuimsítear le diúscairtí/díscríobh troscán agus trealamh lena n-áirítear meaisíní frainceála, gléasanna fótachóipeála, boird, cathaoireacha, clúdacha urláir, srl.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna réamhíocaíochtaí chuig An Post[1] | 115,381 | 78,809 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta (rótharraingt) | (402,429) | (365,039) |
| Banc tráchtála agus airgead tirim | 139,941 | 136,034 |
| | **(147,107)** | **(150,196)** |

[1] Ina cháilíocht mar ghníomhaire íocaíochta, tá An Post réamh-mhaoinithe faoi Vóta 37 agus faoin CÁS chun dliteanais na Roinne a chlúdach de réir mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2017, b'ionann €183,748,681 agus an iarmhéid iomlán a bhí i seilbh ag An Post maidir le Vóta 37 agus an CÁS. B'ionann €126,357,506 agus an iarmhéid comhréire ag deireadh 2016.

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 318 | 434 |
| Tomhaltáin TF | 28 | 40 |
| | **346** | **474** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí do An Post maidir le caiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Réamhíocaíochtaí don OOP le haghaidh troscán oifige agus oibrithe foirgnimh agus leictrigh | 354 | 552 |
| Réamhíocaíochtaí do Pobal | 6,095 | 6,699 |
| Réamhíocaíochtaí Scéime[1] | 13,384 | 12,116 |
| Dochair eile ar fionraí | 1,376 | 740 |
| Dlite ón CÁS maidir le | | |
| • Róíocaíochtaí den scéim vóta aisghabháilte trí CÁS | 26,600 | 19,821 |
| • íocaíochtaí Vóta thar ceann an CÁS | 118,831 | 164,188 |
| | **167,647** | **205,123** |

[1] Amhail an 31 Nollaig 2017, rinneadh réamhíocaíochtaí €13,383,975 le haghaidh scéimeanna Vóta arbh fhiú iad a ndearnadh €10,695,771 díobh tríd An Post agus a ndearnadh €2,688,204 díobh trí ríomhaistriú airgid.

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,021 | 5,038 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 556 | 779 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 3,535 | 3,608 |
| Cáin Bhreisluacha Idirstáit | 56 | 65 |
| Cáin Iarchoimeádta ar Sheirbhísí Gairmiúla | 3,219 | 2,442 |
| Cáin maoine áitiúil[1] | 66 | 107 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 2 | 19 |
| | 10,455 | 12,058 |
| Asbhaintí párolla | 2,666 | 3,932 |
| Dlite ón CÁS maidir le | | |
| • íocaíochtaí CÁS in ionad Vóta | 13,128 | 16,550 |
| • íocaíocht imprest a fuarthas ón CÁS | 3,010 | 2,061 |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte róíocaíochta | 2,743 | 1,885 |
| Earraí eile fionraí sochair | 2,517 | 4,289 |
| | **34,519** | **40,775** |

[1] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2012, féadfaidhna Coimisinéirí Ioncaim ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc asCáin Mhaoine Áitiúil. Íocadh €709,422 do na Coimisinéirí Ioncaim i 2017.

Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastail foirne maidir leis an gcáin mhaoine áitiúil. Cuireadh tús leis na hasbhaintí seo i 2013 agus íoctar iad leis na Coimisinéirí Ioncaim sa mhí i ndiaidh na hasbhainte. Íocadh €425,795 do na Coimisinéirí Ioncaim i 2017.

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste dlite

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 20,019 | 38,949 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,000 | — |
| | 21,019 | 38,949 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (34,998) | (24,797) |
| Maoiniú glan ón Státchiste dlite | **(13,979)** | **14,152** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 167,647 | 205,123 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Bainc agus airgead tirim | (147,107) | (150,196) |
| Dlite don Stát | (10,455) | (12,058) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (24,064) | (28,717) |
| | (181,626) | (190,971) |
| | **(13,979)** | **14,152** |

## 2.8 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais Uilíoch** | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 32,983 | 26,027 |
| Tionscadail chaipitil | 22,859 | 11,781 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **55,842** | **37,808** |

Den chuid is mó, is de bharr ceangaltais breise maidir le trí thionscadal Business Object Model (BOMi), Identity and Access Management (MyGovID) and Web Self Services (MyWelfare) an méadú ar na ceangaltais i leith tionscadal caipitil ó 2016 go 2017 de €11.1 milliún.

**b) Ceangaltais Mhóra Chaipitil**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach ag 31 Nollaig 2016** | **Caiteachas i 2017** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta tar éis sin** | **Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2017** | **Caitheamh ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cárta Seirbhísí Poiblí | 26,990 | 5,113 | — | 32,103 | 31,208 |

**Athruithe suntasacha**

Cárta Seirbhísí Poiblí

| **Caitheamh Ionchasach Iomlán 2017** | **Caitheamh Ionchasach Iomlán 2016** | **Méadú bliain ar bhliana** |
|---|---|---|
| **€000** | **€000** | **€000** |
| 32,103 | 31,208 | 895 |

Is de bharr eisiúint 3.04 milliún carta faoi dheireadh 2017 go bhfuil an méadú sa chaitheamh iomlán i saolré an tionscadal. 3 milliún cárta a bhí i gceist sa tionscadal agus bhain caiteachas réamh-mheasta 2016 le heisiúint an oiread sin cártaí.

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

| ag 31 Nollaig | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Níl meastachán ar dhliteanais theagmhasacha dlíuchtaithe faoi dheireadh bliana | 82 | 147 |

## 2.10 Fabhraithe

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Speansais riaracháin | 2,559 | 1,417 |
| Speansais oifige | 12,532 | 4,006 |
| Speansais sainchomhairleora | 167 | 94 |
| Costais chláir[1] | 32,833 | 54,210 |
| Speansais ilghnéitheacha | — | 43 |
| | **48,091** | **59,770** |

[1]Airgead a bhí dlite ag 31 Nollaig 2017 d'eagraíochtaí a chuireann Fostaíocht Phobail (FP), Tionscnamh Jabanna (TJ) agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁ) ar fáil thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas éilitheoirí aonair.

## 2.11 Réamhíocaíochtaí

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Speansais riaracháin | 225 | 107 |
| Speansais oifige | 422 | 1,585 |
| Speansais sainchomhairleora | — | 29 |
| Réamhíocaíochtaí/comhlúthacht Clár[1] | 54,858 | 66,105 |
| Speansais ilghnéitheacha | 3 | 6 |
| | **55,508** | **67,832** |

[1]Airgead a íocadh do scéimeanna agus d'eagraíochtaí eile a chuireann FP, TJ, SFÁ agus Clubanna Post ar fáil trí réamhíocaíochtaí nó comhlúthachtaí roimh tús a bheith curtha leo. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna de chuid FP agus TJ roimh tús a bheith curtha leo chun an speansais tosaigh a bhaineann leo a chlúdach agus de ghnáth déantar iad a aisghabháil laistigh de 12 mí ón eisiúint. Cuirtear comhlúthachtaí ar fáil do SFÁ agus do Chlubanna Post roimh dóibh tosú chun costais leanúnacha a chlúdach agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach de réir mar a dhéantar gach íocaíocht ar leith. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas éilitheoirí aonair.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fotheidil

## Anailís ar Chaiteachas Riaracháin

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar chaiteachas an Vóta agus leagtar amach ná fáthanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/-25% agus €100,000).

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar mheastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i. | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 295,510 | 293,330 | 295,975 |
| ii. | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,113 | | | |
| | | *Forlíontach* | (300) | 4,813 | 4,575 | 4,304 |
| iii. | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,477 | | | |
| | | *Forlíontach* | (7,200) | 13,277 | 10,501 | 6,373 |
| iv. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 16,412 | | | |
| | | *Forlíontach* | (600) | 15,812 | 15,912 | 15,901 |
| v. | Trealamh oifige agus seirbhísí TF sheachtaracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 45,928 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,873) | 42,055 | 41,727 | 40,591 |
| vi. | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,695 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | 16,695 | 15,064 | 19,839 |
| vii. | Seirbhísí comhairleachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,077 | | | |
| | | *Forlíontach* | (277) | 800 | 736 | 199 |
| viii. | Íocaíochtaí i dtaca le seirbhísí gníomhaireachtaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 136,906 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,250) | 130,656 | 126,325 | 93,480 |
| ix. | Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | | 11,568 | 12,736 | 9,706 |
| | | | | **531,186** | **520,906** | **486,368** |

**Difríochtaí suntasacha**

iii *Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €20.47 milliún, toradh: €10.5 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €9.97 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán

- Cuimsíodh sa mheastachán bunaidh soláthar do theagmhas €4.3 milliún nár theastaigh.
- Bhí na táillí bainc €3.1 milliún ní b'ísle ná mar a bhí réamhmheasta. Tá na táillí seo bunaithe ar idirbhearta agus dá bharr sin tá sé níos deacair meastachán cruinn a dhéanamh orthu.
- Baineadh coigilteas de €2.57 milliún ar chostais theagmhasacha lena n-áirítear oiliúint foirne agus measúnacht (€1.5 milliún), bainistíocht saoráidí (€0.3 milliún), cúiteamh (€0.3 milliún) agus costais eile (€0.47 milliún).

Géilleadh suim €7.2 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh deiridh €2.8 milliún (21%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh, go príomhúil toisc go raibh na táillí bainc thuasluaite ní b'ísle ná mar a bhí réamhmheasta. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

vii *Seirbhísí comhairleachta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.08 milliún, toradh: €0.74 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €0.34 milliún i gcoibhneas leis an tsuim soláthraithe sa mheastachán

- Tharla go raibh costas ní b'ísle i gceist le roinnt tairiscintí móra ná mar a bhíothas ag súil leo.
- Níor thabhaigh roinnt tionscadal costais chomh luath is mar a bhí measta ag tús.

Géilleadh suim €0.3 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh deiridh €0.06 milliún (9%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 295,510 | 293,330 | 295,975 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 255,176 | | | |
| | | *Forlíontach* | (19,500) | 235,676 | 227,576 | 190,393 |
| **Pinsin** | | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 971,980 | | | |
| | | *Forlíontach* | 21,520 | 993,500 | 994,740 | 982,138 |
| **Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,161,670 | | | |
| | | *Forlíontach* | (56,670) | 2,105,000 | 2,103,451 | 2,452,332 |
| A.5 | Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 501,980 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,780) | 497,200 | 497,647 | 500,699 |
| A.6 | Pinsean (Neamh-Ranníocach) Baintreach, Baintreacha Fir nó Páirtí Shibialta mharthanach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,690 | | | |
| | | *Forlíontach* | 510 | 14,200 | 14,226 | 14,557 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,290 | | | |
| | | *Forlíontach* | 210 | 1,500 | 1,434 | 1,736 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntais Leasa Forlíontach liúntas bunúsach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 85,420 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,580 | 99,000 | 97,218 | 89,018 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 82,800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,000) | 78,800 | 78,182 | 78,831 |
| A.10 | Liúntas Réamhscoir | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,660 | | | |
| | | *Forlíontach* | 940 | 3,600 | 3,608 | 8,607 |
| A.11 | Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Ioncaim Eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,260 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,590 | 48,850 | 49,624 | 44,549 |
| **Daoine in Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | 353,000 | 350,489 | 356,341 |
| A.13 | Scéim Sóisialta Tuaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 47,660 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,160) | 45,500 | 44,408 | 42,393 |

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.14 | Tús | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 124,820 | | | |
| | | *Forlíontach* | (16,820) | 108,000 | 109,397 | 118,604 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | | 19,270 | 19,150 | 20,150 |
| A.16 | Clár Seirbhísí Pobail | | | 46,190 | 42,455 | 43,644 |
| A.17 | Liúntas um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 119,560 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,760) | 115,800 | 115,171 | 124,383 |
| A.18 | An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,000) | 7,000 | 6,904 | 37,793 |
| A.19 | Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 105,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (9,000) | 96,000 | 93,860 | 114,829 |
| A.20 | Gateway | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,250 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,850) | 3,400 | 3,496 | 21,183 |
| A.21 | An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 14,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,100 | 24,500 | 23,970 | 28,454 |
| A.22 | JobsPlus | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,600 | 30,000 | 28,854 | 23,679 |
| A.23 | Scéim um Fhóirdheontas Pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,100) | 20,800 | 20,837 | 19,403 |
| A.24 | Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Fostaíochta Eile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 53,070 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,210) | 44,860 | 45,534 | 45,323 |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.25 | Liúntas Míchumais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,416,170 | | | |
| | | *Forlíontach* | 50,130 | 1,466,300 | 1,469,440 | 1,357,989 |
| A.26 | Pinsean Dall | | | | | |
| | | | | 13,480 | 13,386 | 13,660 |
| A.27 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 694,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 37,800 | 731,800 | 729,449 | 653,667 |
| A.28 | Liúntas Chúraim Baile | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 138,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,500 | 151,500 | 151,914 | 133,075 |
| A.29 | Deontas Tacaíochta do Chúramóirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 180,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,680 | 193,580 | 192,924 | 172,321 |

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.30 | Sochar Linbh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,091,530 | | | |
| | | *Forlíontach* | (4,030) | 2,087,500 | 2,086,390 | 2,078,111 |
| A.31 | Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 422,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,000) | 414,500 | 414,630 | 415,437 |
| A.32 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 37,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 11,700 | 49,100 | 48,854 | 39,810 |
| A.33 | Scéimeanna um Béilí Scoile | | | 47,500 | 46,619 | 36,886 |
| A.34 | Íocaíochtaí Eile a Bhaineann le Leanaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,940 | | | |
| | | *Forlíontach* | (130) | 6,810 | 6,834 | 6,301 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.35 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 252,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | (20,500) | 232,100 | 230,566 | 275,294 |
| A.36 | Forlíonadh Ús Morgáiste | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,120 | | | |
| | | *Forlíontach* | 90 | 4,210 | 4,206 | 6,558 |
| A.37 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 84,164 | | | |
| | | *Forlíontach* | (999) | 83,165 | 84,900 | 83,915 |
| A.38 | Saorthaisteal | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 80,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,000) | 78,000 | 77,456 | 77,112 |
| A.39 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 146,095 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,595) | 144,500 | 148,870 | 154,701 |
| A.40 | Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | 54,050 | 53,053 | 49,178 |
| A.41 | Oifig an Ombudsman do Phinsin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 950 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | 700 | 654 | 533 |
| A.42 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 9,970 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,595) | 8,375 | 8,504 | 5,761 |
| A.43 | An Coimisiún um Pá Íseal | | | 477 | 297 | — |

| | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar mheastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh Comhdhlúthú 2005 | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | (1) | — | — | — |
| **Iomlán** | | | **11,054,803** | **11,034,507** | **11,215,323** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €10.3 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhí an caitheachas riaracháin €29.8 milliún ní b'ísle ná mar a bhí measta ar dtús agus tá na hathruithe príomhúla tar éis a bheith mínithe roimhe seo. Rinneadh an coigilteas seo a fhritháireamh le caiteachas a bhí níos airde ná mar a bhí measta ar dtús ar scéimeanna a tháinig isteach ar timpeall ar €19.5 milliún a bhain leis na hábhair seo a leanas, den chuid is mó:

A.7 *Liúntas Banchéile Thréigthe*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.3 milliún, toradh: €1.4 milliún.

Bhí an méadú i gcaiteachas de €0.1 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán mar thoradh ar an mheánlíon íocaíochtaí (147) tar éis a bheith níos airde ná mar a bhí soláthartha sa mheastachán bunaidh (133). Soláthraíodh meastachán forlíontach €0.2 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh beagnach €0.1 milliún (6.6%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.8 *Íocaíochtaí Liúntais Leasa Forlíontach liúntas bunúsach*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €85.4 milliún, toradh: €97.2 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €11.8 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (15,220) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (15,030). Chosain seo €1.9 milliún sa bhreis.
- Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€192.52) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€189.77). Chosain seo €2.2 milliún breise (ar bhain €0.5 milliún de le bónas na Nollag a íoc, nach raibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).
- Forchúiteamh caitheachais ó scéimeanna príomhúla (e.g. liúntas míchumais, liúntas cuardaitheora poist) sa chás go raibh an faighteoir ag éileamh liúntas leasa forlíontach ar feitheamh réiteach a éileamh. B'ionann an toradh agus €55.1 milliún, i gcomparáid le €62.8 milliún sa mheastachán leasaithe. D'fhág sé seo go raibh costas breise €7.7 milliún.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €13.6 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €1.8 milliún (1.8%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.9 *Cúnamh Feirme*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €82.8 milliún, toradh: €78.2 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €4.6 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (7,430) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (7,704). Rinne seo €2.9 milliún a choigilt.
- Bhí na íos-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€202.56) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€206.83). D'fhág sé seo go riabh coigilteas de €1.7 milliún (tar éis den €1.5 milliún a bhain leis an mbónas Nollag de 85% a íoc a chur leis, nach raibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).

Géilleadh suim de €4 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.6 milliún (0.8%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.10 *Liúntas Réamhscoir*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €2.7 milliún, toradh: €3.6 milliún.

Bhí an méadú i gcaiteachas de €0.9 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán mar thoradh ar mheánlíon níos airde d'fhaighteoirí sa tseachtain (336) ná mar a bhí soláthartha sa mheastachán bunaidh (249).

Soláthraíodh meastachán forlíontach €0.94 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.01 milliún (0.3%) ní ba mhó ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.11 *Daoine in Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim Eile*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €40.3 milliún, toradh: €49.6 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €9.3 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Caiteachas ní b'airde ar íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla agus phráinneacha faoin liúntas leasa forlíontach i.e. íocaíochtaí riachtanacha, aon-uaire, eisceachtúla. Ba é an toradh deiridh €38.2 milliún, a bhí €6.7 milliún ní b'airde ná an meastachán bunaidh mar gheall ar:
  - Bhí an líon íocaíochtaí aonuaire (97,253) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (94,305). Chosain seo €1.1 milliún sa bhreis.
  - Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€391.76) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€334.02). Chosain seo €5.6 milliún sa bhreis.

Mar gheall ar chineál aonuairena scéime, is deacra na líonta íocaíochta agus na meánluacha íocaíochta amach anseo a thuar, ná mar atá sé i scéimeanna ag a bhfuil minicíocht rialta.

- Caiteachas ní b'airde ar fordheontais faoin scéim liúntas leasa forlíontach dála fordheontas um aiste bia agus teocht. Ba é an toradh deiridh €5.8 milliún, a bhí €1.2 milliún ní b'airde ná an meastachán de €4.6 milliún bunaidh mar gheall ar:
  - Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€30.09) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€23.40). Chosain seo €1.3 milliún sa bhreis.
  - Rinneadh é seo a fhritháireamh leis an meánlíon d'fhaighteoirí (3,700) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (3,749). Rinne seo €0.1 milliún a choigilt.
- Caiteachas ní b'airde ar Liúntas um Sholáthar Díreach íoctha maidir le lucht iarrtha tearmainn, daoine fásta agus leanaí araon, a bhí ag cónaí faoin gcóras soláthair dhírigh. Ba é an toradh deiridh €4.8 milliún, a bhí €1.1 milliún ní b'airde ná an meastachán bunaidh mar gheall ar:
  - Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (2,620) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (2,340). Chosain seo €0.5 milliún sa bhreis.
  - Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€36.02) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€31.87). Chosain sé seo €0.6 milliún sa bhreis (ar bhain €0.5 milliún de leis an cinneadh a rinne an Rialtas i Lúnasa 2017 an ráta liúntais iníoctha do leanaí agus do pháistí agus bhain €0.1 milliún de leis an gcinneadh bónas Nollag a íoc, agus ní raibh ceachtar dóibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).
- Caiteachas ní b'airde ar an Scéim Chúnaimh Dhaonnachta a chuireann cúnamh airgeadais práinneach ar fáil do líonta tí chun freastail ar a mbunriachtanais díreach tar éis tailte, agus tacaíocht airgeadais eile le haghaidh damáistigh don teach agus don sealúchas a bhí ann. Ba é an toradh deiridh €0.8 milliún, a bhí ní b'airde ná an meastachán bunaidh de €0.5 milliún. Tá sé deacair an éileamh a bheidh ann maidir le Cúnamh Daonnúlach ós rud é nach féidir tuar a dhéanamh ar an aimsir. Bhí éileamh méadaithe i 2017 mar thoradh ar stoirmeacha an gheimhridh go déanach i 2017 (Stoirm Ophelia ina measc). Chosain an t-éileamh ní b'airde ná mar a raibh súil leis €0.3 milliún sa bhreis.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €8.6 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh beagnach €0.8 milliún (1.6%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

*A.13 An Scéim Shóisialta Tuaithe*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €47.7 milliún, toradh: €44.4 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €3.3 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon de rannpháirtithe (2,700) ní b'ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (2,825). Rinne seo €1.8 milliún a choigilt.
- Bhí na híos-mheánluachanna d'íocaíochtaí dá rannpháirtithe (€262.12) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€270.66). D'fhág sé seo go riabh coigilteas de €1.2 milliún (tar éis don don chinneadh an bónas Nollag de 85% a íoc a chur san áireamh, a raibh costas €0.5 milliún i gceist leis).
- Bhí na híos-mheánluachanna d'íocaíochtaí do na maoirseoirí scéime (€680.49) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€724.85). Rinne seo €0.3 milliún a choigilt.

Géilleadh suim de €2.2 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh beagnach €1.1 milliún (2.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.14 *Tús*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €124.8 milliún, toradh: €109.4 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €15.4 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon de rannpháirtithe (6,827) ní b'ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (7,800). Rinne seo €12.5 milliún a choigilt. Tá an laghdú atá ag teacht ar an tabhall beo chomh maith leis na feabhsaithe atá tar éis teacht ar an margadh fostaíochta ar na cúiseanna leis an ísliú ar líon na rannpháirtithe.
- Bhí na íos-mheánluachanna d'íocaíochtaí dá rannpháirtithe (€241.58) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€248.57). D'fhág sé seo go riabh coigilteas de €2.5 milliún (tar éis don don chinneadh an bónas Nollag de 85% a íoc a chur san áireamh, a raibh costas €1 milliún i gceist leis).
- Bhí an meánlíon de mhaoirseoirí (397) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (405). Rinne seo €0.3 milliún a choigilt.
- Bhí an caiteachas ar tháillí seirbhísí na comhlachta forfheidhmithe €0.4 milliún ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh.
- Rinneadh é seo a fritháireamh le huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí do mhaoirseoirí (€668.99) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€655.90). Chosain seo €0.3 milliún sa bhreis.

Géilleadh suim de €16.8 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €1.4 milliún (1.3%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodh an róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.16 *Clár Seirbhísí Pobail*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €46.2 milliún, toradh: €42.5 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €3.7 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Rinneadh €1 milliún a leithdháileadh ar gairm tograí sonraithe ó eagraíochtaí Sraith 3 faoin gClár um Sheirbhís Pobail (CSP) (a bhfuil mar aidhm acu post a fháil do dhaoine a bhfuil bac ar leith orthu páirt a ghlacadh sa mhargadh fostaíochta, mar shampla daoine atá faoi mhíchumas agus an lucht siúil) atá ag iarraidh teacht ar mhaoiniú de chuid an CSP. Ba trí Pobal, a d'fheidhmigh thar ceann na Roinne, agus trí eagraíochtaí ar leith a chuireann an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhaireacht Phobail (CISGP) ar siúl ar fud na tíre, a eagraíodh an gairm tógraí. Níor tugadh an measúnacht ar na tograí seo chun críche go dtí deireadh 2017/tús 2018. Dá bharr sin, ní raibh aon caiteachas i gceist i 2017, ag fágáil go raibh coigilteas de €1 milliún.
- Bhí roinnt eagraíochtaí faoin CSP a raibh deacrachtaí trádála acu le linn na bliana, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar a leibhéal feidhmíochta agus foirne. Mar thoradh ar sin, bhí méid níos ísle de mhaoiniú CSP ar fáil do na heagraíochtaí seo ná mar a bhí réamh-mheasta ag tús na bliana, rud a d'fhág go raibh coigilteas de €2.7 milliún.

Aistríodh an clár seo ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta (RGFCS) go dtí an Roinn Forbartha Tuatha agus Pobail ó 1 Eanáir 2018.

A.18 *An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €15 milliún, toradh: €6.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €8.1 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Rinneadh foráil sa mheastachán do 2017 do scéim ionaid nach bhfuil curtha i bhfeidhm go deo. Cuirfear Tacaíocht don Ógfhostaíocht nua i bhfeidhm le linn 2018. Rinne seo €8.5 milliún a choigilt.
- Bhí na híos-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€204.12) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€231.64). Rinne seo €0.9 milliún a choigilt.
- Rinneadh é a fritheáireamh leis an meánlíon d'fhaighteoirí (650) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (539). Chosain seo €1.3 milliún sa bhreis.

Géilleadh suim de €8 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh beagnach €0.1 milliún (1.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.19 *Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €105 milliún, toradh: €93.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €11.1 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon iarbhír d'fhaighteoirí (11,904) i rith na tréimhsí acadúla (Eanáir - Bealtaine 2017, Deireadh Fómhair - Nollaig 2017) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunúil (13,658). Tá líon na bhfaighteoirí tar éis a bheith ag titim le cúpla bliain anuas mar gheall ar an feabhas atá tagtha ar an margadh fostaíochta agus ar an dtabhall beo. Rinne seo €12.2 milliún a choigilt.
- Bhí an caiteachas iarbhír i gcaitheamh mhíonna shamhradh 2017 (€8.7 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€9.95 milliún). Rinne seo €1.3 milliún a choigilt.
- Rinneadh é seo a fhritháireamh le huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí seachtainiúla (€209.36) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€203.56). Chosain seo €2.4 milliún (ar bhain €1.7 milliún de le bónas na Nollag de 85% a íoc, nach raibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).

Géilleadh suim €9 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh deiridh €2.1 milliún (2.2%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.20 *Gateway*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €7.3 milliún, toradh: €3.5 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €3.8 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (250) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (515). Rinne seo €3.5 milliún a choigilt.
- Bhí na íos-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€253.55) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€254.77). Rinne seo €0.1 milliún a choigilt.
- Bhí an táille a bhí iníoctha le Pobal as riaradh na scéime €0.2 milliún ní ba lú ná mar a bhí soláthraithe sa mheastachán.

Tugadh suim de €3.9 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.1 milliún (2.9%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.21 *An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €14.4 milliún, toradh: €24 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €9.6 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (10,770) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (7,048). Chosain seo €7.6 milliún sa bhreis. Tharla sé seo toisc go raibh ní ba mhó daoine ag fágáil scéimeanna leasa shóisialaigh chun fostaíocht a fháil ná mar a bhí foráil déanta leis sa mheastachán.
- Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€42.80) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€39.29). Chosain seo €2 milliún (ar bhain €0.43 milliún de le bónas na Nollag de 85% a íoc, nach raibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).

Soláthraíodh meastachán forlíontach €10.1 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.5 milliún (2.1%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.22 *JobsPlus*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €20.4 milliún, toradh: €28.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €8.5 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an líon iarbhír d'fhaighteoirí (5,131) 1,708 duine ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (3,423). Chosain seo €10.2 milliún. Bhí meastachán leasuithe 2017 bunaithe ar fheidhmiúchán 2016 agus ar feidhmiúchán dá samhail le bheith ann i 2017. Ag an am sin, bhí fadhbanna ascnaimh ag baint le córas nua agus le bpróisis nua maidir le deimhnithe imréiteach cánach, agus d'fhág sé sin go raibh caiteachas 2016 ganniontráilte. Tá na fadhbanna seo réitithe idir seo agus siúd.
- Rinneadh iad a fhritháireamh le híos-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€468.62) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€496.70). Rinne seo €1.7 milliún a choigilt.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €9.6 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €1.1 milliún (3.7%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.23 *Scéim um Fhóirdheontas Pá*

Leis an bhfo-cheannteideal seo, déantar an scéim um thacaíocht fostaíochta (dúnta roimh iontrálaithe nua), chomh maith leis an scéim fóirdheonaithe pá, a mhaoiniú.

Suim soláthraithe sa mheastachán: €25.9 milliún, toradh: €20.8 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €5.1 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí na híos-mheánluachanna míosúla d'íocaíochtaí ar an scéim um fhóirdheontas pá (€669.86) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€800.00). Rinne seo €3.8 milliún a choigilt.
- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí a bhí ar scéim fóirdheontais pá (2,436) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (2,548). Rinne seo €1.1 milliún a choigilt.
- Caiteachas ní b'ísle ar scéim um thacaíocht fostaíochta a d'fhág coigil de €0.2 milliún.

Géilleadh suim de €5.1 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh beagnach €0.04 milliún (0.2%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.24 *Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Fostaíochta Eile*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €53.1 milliún, toradh: €45.5 milliún.

Déanann an fotheideal seo soláthar do réimse tacaíochtaí fostaíochta faoi 13 theideal éagsúla.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €7.6 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Coigilteas de €3.4 milliún ar **Ghníomhacthú um Míchumas agus Tacaíochtaí Fostaíochta Réamhghníomhachtaithe,** is é an toradh a bhí ann ná €1.0 milliún, meastachán tosaigh a bhí ann ná €4.4m. Rinneadh an mír seo a pháirtmhaoiniú tríd an gCiste Sóisialta na hEorpa (SCE) agus is é is cúis leis an caiteachas níos lú ná an méid am a bhí de dhíth sula gcuireadh na riachtanais oibríochtúla i bhfeidhm chun a dheimhniú go raibh próiseas agus clár dea-dheartha agus dea-bhainistithe chun géilliúlacht leis na socruithe maidir leis an SCE a chinntiú.
- Coigilteas de €1.8 milliún ar **Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla** (SFÁ)**,** is é an toradh a bhí ann ná €18.5 milliún, i gcomparáid le meastachán tosaigh de €20.3 milliún, agus gur thoradh é ar chaiteachas ní b'ísle ar fhoireann conartha agus ar bhearta idirghabhála a rinne an SFÁ.
- Coigilteas de €1 milliún ar **Sheirbhísí Gnóthaithe Poist,** is é an toradh a bhí ann ná €8.7 milliún, meastachán tosaigh a bhí ann ná €9.7 milliún. Is é is cúis le seo ná an caiteachas ní ba lú ar fhoireann conartha a bhí ann agus na costais oibríochtúla a bhaineann leis sin.
- Coigilteas de €0.8 milliún ar **Clubanna Post,** is é an toradh a bhí ann ná €5.2 milliún, meastachán tosaigh a bhí ann ná €6m. Is é is cúis le seo ná costais foirne conarthaagus costais oibríochtúla ní ba lú a bheith ann.
- Rinneadh coigilt €0.6 milliún mar gheall ar réimse tosca eile.

Géilleadh suim de €8.2 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.7 milliún (1.6%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodhan róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.27 *Liúntas Cúramóra*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €694 milliún, toradh: €729.4 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €35.4 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí (72,788) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (70,365). Chosain seo €23.8 milliún sa bhreis.
- Bhí nameánluachanna íocaíochta (€192.05) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€189.23). Chosain an bónas Nollag €12.1 milliún ach rinneadh é a fhritháireamh le treocht ní ba lú sna méanluachanna íocaíochta, rud a d'fhág coigilt de €1.4 milliún agus glanchostas breise de €10.7 milliún.
- Caiteachas a ghearradh ar Liúntas Cúramóra sa chás go raibh an faighteoir ag éileamh Liúntas Leasa Forlíontach ar feitheamh réiteach a éileamh. Ba é an toradh €2.5 milliún, a bhí ní b'airde ná an meastachán bunaidh (€1.6 milliún). Chosain seo €0.9 milliún.

Cuimsíonn Liúntas Cúramóra soláthar cúraim agus aire lánaimseartha ag cúramóir do dhaoine faoi mhíchumas, is cuma cén aois iad - idir naíonáin agus daoine a bhain an céad amach, faoi réir measúnú leighis. De réir mar a théann an daonra in aois agus go dtéann feasacht ar an scéim i méid, is mó seans go mbainfear líonta arda amach.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €37.8 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh beagnach €2.4 milliún (0.3%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.28 *Liúntas Chúraim Baile*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €138 milliún, toradh: €151.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €13.9 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€378.86) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€356.26). Chosain seo €9.1 milliún (ar bhain €3.4 milliún de leis an cinneadh a ndearnadh bónas na Nollag a íoc, rud nach raibh beartaithe sa mheastachán tosaigh).
- Bhí an meánlíon d'faighteoirí (33,410) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (32,280). Chosain seo €4.8 milliún sa bhreis.

Tugadh meastachán leasuithe 2017 chun críche, bunaithe ar na sonraí is deireanaí a bhí ar fáil ag an am (lár - Lúnasa 2016). Tháinig borradh faoi líon na bhfaighteoirí agus faoin meánluach íocaíochta ina dhiaidh sin (mar thoradh ar na riaráistí de bharr na riaráistí oibre a bhí ann roimhe) agus leanadh ar aghaidh leis an borradh sin i rith 2017.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €13.5 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.4 milliún (0.3%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodh an róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.29 *Deontas Tacaíochta do Chúramóirí*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €180.9 milliún, toradh: €192.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €12 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon íocaíochtaí (104,378) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (98,589). Chosain seo €10.6 milliún sa bhreis.
- Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€1,849.01) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€1,834.89). Chosain seo €1.5 milliún sa bhreis.
- Rinneadh iad a fhritháireamh le aisghabhálacha beaga (€0.1 milliún) a ndearnadh iad a ghlanadh in aghaidh an fho-cheannteidil.

Is toradh é seo ar an méadú atá tagtha ar an líon d'fhaighteoirí atá ag fáil Liúntas do Chúramóirí, Sochar do Chúramóirí agus an Liúntas Chúraim Baile.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €12.7 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.7 milliún (0.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.32 *Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €37.4 milliún, toradh: €48.9 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an méadú i gcaiteachas de €11.5 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí na huas-mheánluachanna d'íocaíochtaí (€324.03) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€258.45). Tá sé seo curtha i leith cinneadh a rinne an Rialtas i Meitheamh 2017 lena méadaíodh na rátaí a íoctar do thuismitheoirí faoi 25% ó Iúil 2017 amach. Ní raibh sé seo curtha san áireamh sa mheastachán do 2017 agus chosain sé €9.9 milliún sa bhreis.
- Bhí an meánlíon d'faighteoirí (150,776) ní b'airde ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (144,710). Chosain seo €1.6 milliún sa bhreis.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €11.7 milliún maidir leis an méadú sa ráta a d'fhaomh an Rialtas agus chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.25 milliún (0.5%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.35 *Forlíonadh Cíosa*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €252.6 milliún, toradh: €230.6 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €22 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí seachtainiúla (22,271) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (22,894). Rinne seo €3.05 milliún a choigilt.
- Bhí na híos-mheánluachanna d'íocaíochtaí seachtainiúla (€92.57) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€94.49). Rinne seo €2.2 milliún a choigilt.
- Bhí an meánlíon d'fhaighteoirí míosúla (15,440) níos ísle ná mar a bhí soláthar déanta dó sa mheastachán tosaigh (16,450). Rinne seo €8.6 milliún a choigilt.
- Bhí na híos-mheánluachanna míosúla d'íocaíochtaí (€665.82) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€709.79). Rinne seo €8.15 milliún a choigilt.

Bhí an líon bhfaighteoirí níos lú de bharr an feabhas atá tagtha ar an dtabhall beo agus toisc go raibh níos mó aistrithe chuig an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) ná mar a rinneadh foráil leis sa mheastachán.

A.41 *Oifig an Ombudsman do Phinsin*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.95 milliún, toradh: €0.65 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €0.3 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Rinneadh foráil sa mheastachán leasaithe do 2017 le roinnt costas réamh-mhalgamuithe a bheith leithroinnte idir an tOmbudsman Pinsean (maoinithe ag RGFCS) agus an tOmbudsan um Sheirbhísí Airgeadais (maoinithe ag an Roinn Airgeadais). Is lú na costais sin ná mar a bhí measta.
- Bhí na costais dhlíthiúla ní b'ísle ná mar a rinneadh buiséad dóibh de bharr laghdú sa líon achomharc ar cinntí de chuid an Ombudsman.

Géilleadh suim de €0.25 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.05 milliún (7%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.42 *Seirbhísí Ilghnéitheacha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €9.97 milliún, toradh: €8.5 milliún.

Déanann an fotheideal seo soláthar do réimse tacaíochtaí faoi 10 dteideal éagsúla.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €1.47 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Bhí an caiteachas ar Chúnamh Bia (€2.9 milliún) ní ba lú ná mar a bhí foráilte leis sa mheastachán bunaidh (€4 milliún) mar gheall ar an gá atá ann a dheimhniú gur clár atá deartha agus bainistithe go maith, atá ar luach is fearr agus a shásaíonn ceangaltais maoiniúcháin CSE a bheidh á chur ar fáil. Tá an clár ag feidhmiú go hiomlán faoi láthair agus íocfar an maoiniú iomlán ón AE don chlár oibríochtúil um Chúnamh Bia. Rinne seo €1.1 milliún a choigilt.
- Bhí an caiteachas ar Oiliúint do Chúramóirí (€0.527 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€1.5 milliún). Rinne seo €0.97 milliún a choigilt. Maoiníodh an caiteachas seo le fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.
- Rinneadh é sin a fhritháireamh le costais de €0.6 milliún, a raibh an phríomhghné de sin bainteach le €0.4 milliún breise a caitheadh ar aisghabháil de chaiteachais aoisliúntais don Údarás Pinsin.

Géilleadh suim de €1.6 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €0.13 milliún (1.6%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodh an róchaitheamh trí virement ó fhotheidil ina raibh tearc-chaitheamh ó áiteanna eile sa Vóta.

A.43 *An Coimisiún um Pá Íseal*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.477 milliún, toradh: €0.297 milliún.

Bhí na rudaí seo ar chúis leis an ngannchaitheamh de €0.18 milliún i gcoibhneas leis suim soláthraithe sa mheastachán:

- Cuireadh moill ar íocaíocht táillí dlite do baill an Choimisiúin i Ráithe 4 agus d'fhág sé sin go bhfuil an t-airgead seo curtha ar aghaidh le híocaíocht i 2018.
- Cuireadh éifeachtúlacht i gcrích tríd an gcomhdhlúthú soláthair foirne a rinneadh tar éis don freagracht ar an gCoimisiún um Pá Íseal a bheith aistrithe ón Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta (RGFB) i Meán Fómhair 2017.

D'aistrigh an scéim seo isteach ón RGFN i Meán Fómhair 2017. Nuair a rinneadh an meastachán forlíontach bhíothas ag súil go mbeadh riachtanas ag an scéim don meastachán bunaidh do 2017 ina iomlán agus dá bharr sin ní dhearnadh aon ghéilleadh agus níor chionroinneadh aon mhaoiniú breise.

## 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réalaithe | Réalaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | |
| 1. | Aisghabháil costais riaracháin ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 177,280 | 177,240 | 177,280 |
| **Leithreasaí-i-gcabhair: Eile** | | | | |
| 2. | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | 60,400 | 62,497 | 62,138 |
| 3. | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | 5,200 | 4,147 | 4,616 |
| 4. | Fáltais faoi na forálacha “Dliteanas chun Teaghlach a Choimeád” i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | 280 | 277 | 164 |
| 5. | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | 370 | 353 | 423 |
| 6. | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | 190 | — | 2,677 |
| 7. | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 9,304 | 9,042 | 10,371 |
| 8. | Fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES | — | 249 | 120 |
| 9. | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | 7,200 | 6,686 | 7,100 |
| 10. | Fáltais ón mBord Pinsean – aoisliúntas foirne | 640 | 599 | 603 |
| 11. | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | 300 | 1,738 | 829 |
| 12. | Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine | — | 527 | — |
| 13. | Fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú | — | 263 | 203 |
| 14. | Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais | 1,700 | 3,019 | 2,012 |
| 15. | Ilghnéiteach | 1,200 | 654 | 4,307 |
| — | Clár um Chúnamh Bia an AE | — | (2,504) | — |
| | **Iomlán** | **264,064** | **264,787** | **272,843** |

**Athruithe suntasacha**

3. *Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €5.2 milliún, réalaithe: €4.15 milliún.

Úsáidtear an fotheideal seo chun Cúnamh Sóisialta a aisghabhadh ón gCiste Árrachais Shóisialaigh a chur i dtaifead sa chás go ndéantar difear do choigeartú idirscéime i ndiaidh dhúnadh na bliana airgeadais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Mar shampla, áirítear leis custaiméirí ar íocadh íocaíocht bhunúsach liúntais leasa forlíontach (LLF) (maoinithe le Vóta 37) dóibh agus iad ag feitheamh ar cinneadh maidir lena éileamh do shochar breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit Ranníocach (PSR). Déantar an méid a íocadh faoin LLF bunúsach a aisghabháil ina dhiaidh sin ón CÁS nuair a bhfuil an cinneadh déanta maidir leis an éileamh. Nuair atá an cinneadh déantar le linn bliain nach é an bliain ina tharla an íocaíocht bhunúsach, déantar an taifead den aisghabháil ón CÁS mar ioncam faoin bhfo-cheannteideal seo.

Bhí sprioceasnamh de €1.05 milliún ann toisc go rabhthas ag súil i Ráithe 4 2016, nuair a bhí an meastachán bunaidh do 2017 á ullmhú, cé go mbeadh fáltais ní ba lú ná mar a bhí sa mheastachán do 2016 (€6 milliún), fós féin nach mbeadh siad breis is €0.8 milliún ní ba lú.

*6. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.19 milliún, réalaithe: €Neamhní

Bhí suim de €184,824 ann maidir leis an tionscadal um Ghníomhachtú Míchumais, a bhí dlite le híoc i 2017 nach bhfuarthas go dtí 2018. Ba é an íocaíocht dheireanach dúnta don tionscadal seo a bhí i gceist. Rinne an AE na cistí a aistriú ar 29 Nollaig 2017 chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS). Lóisteáil an ROS an t-airgead i gcuntas an Phámháistir Ghinearálta den RGFCS ar 15 Eanáir 2018.

8. *Fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €Neamhní, réalaithe: €0.25 milliún.

Is é ba chúis leis an méadú de €0.25 milliún ná an fhíoras nach raibh aon fhoráil leis na fáltais EURES sa mheastachán bunaidh do 2017.

9. *Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €7.2 milliún, réalaithe: €6.7 milliún.

Faoin bhfo-cheannteideal, clúdaítear fáltas maoinithe ón gCiste Náisiúnta Oiliúna le haghaidh oiliúint rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (FP) agus oiliúint do rannpháirtithe de chuid an Deontais Tacaíochta Oiliúna (DTO).

Bhí an suim airgid a réadaíodh maidir le DTO (€2.5 milliún) €0.5 milliún ní b’ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh. Is é is cúis leis sin ná go raibh níos lú éilimh don DTO ná mar a rabhthas ag súil leis mar thoradh ar tabhall beo íslithe agus margadh fostaíochta feabhsaithe.

Bhí an méid airgid a réadaíodh é maidir le oiliúint rannpháirtithe FP (€4.2 milliún) ar aon dul leis an meastachán.

11. *Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €0.3 milliún, réalaithe: €1.7 milliún.

Soláthraíonn an Roinn seirbhísí an aonaid um dhaoine gan dídean ar son Údaráis Áitiúla. Tá próiseas aisghabhála socraithe agus déantar an costas i gceist leis na gcóiríocht éigeandála sealadach (a íoctar trí na hÍocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla) a aisghabháil ón Údarás Áitiúil uair sa mhí. Féadfar leis an toradh a athrú go suntasach ó bhliain go bliain. Rinneadh an meastachán do 2017 ar an gceann caol. Tá an méid fáltas ón bhfoinse seo dotuartha, agus luach €0.3 milliún i gceist in 2015 agus €0.8 milliún i 2016.

12. *Fáltais ó Chuntais Dhíomhaoine*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €Neamhní, réalaithe: €0.5 milliún.

Tharla an leithdháileachán de €0.5 milliún mar chuid de 2016 Phlean Gníomhartha um na Chuntais Dhíomhaoine chun tacaíocht idirthréimhseach a chur ar fáil do chúramóirí a bhí críochnaithe lena ról mar chúramóir i 2017 tar éis idirchaidrimh idir an Roinn, Pobal agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) chun na fadhbanna a chuir bac ar chur i bhfeidhm na mbeart i 2016 a réiteach.

Tá tréimhse ama shuntasach de dhíth le haghaidh an próisis go léir, iarratas a dhéanamh ar bheart faoi na Cuntais Dhíomhaoine, cinneadh an Rialtais glacadh leis, comhaontas ar chonradh le Pobal agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, a bhí ag stiúir an próiseas, an glao ar iarratais ó ghrúpaí agus an gnás measúnuithe agus dámhachtain. Ní féidir le Pobal an maoiniúchán a íostarraingt nó conradh a dhéanamh leis na tionscadail a roghnaíodh ach amháin nuair atá an gnás dámhachtain críochnaithe. De réir tráthúlacht na huaire a tharlaíonn sé sin, is féidir le hathrú a bhí i gceist idir an caiteachas iarbhír agus meastacháin agus an fáltas. Ní raibh aon foráil déanta i dtaobh an fháltais seo sa mheastachán do 2017.

13. *Fáltais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €Neamhní, réalaithe: €0.26 milliún.

Den chuid is mó, is é is cúis leis an toradh de €0.26 milliún ná go bhfuair an Roinn €265,975 ón AE maidir le héileamh ar éiríodh leis faoi chlár (EGF) Lufthansa Technik Airmotive.

14. *Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.7 milliún, réalaithe: €3.02 milliún.

Is é ba chúis leis an méadú de €1.32 milliún ná go raibh an mheastachán do 2017 stuama. Baineann na fáltais seo le haisghabháil caiteachas ar Liúntas Míchumais ó dámhachtain cúitimh árachais, athríonn an méid airgid i gceist ó bhliain go bliain. Bhí fáltais i 2017 €1 milliún (50%) níos airde ná mar a bhí i 2016. I 2017, bhí idir €63,000 agus €405,000 sa raon d'fháltais mhíosúla.

15. *Admháil Ilghnéitheacha*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €1.2 milliún, réalaithe: €0.6 milliún.

Is deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar le cruinneas gonta. Bhí súil le €1.2 milliún i meastachán 2017, lenar áiríodh seiceanna cealaithe, fáltais bheaga ilghnéitheacha agus gné bheag d'fháltais nach raibh coinne leo. Bhí sprioceasnamh de €0.6 milliún ann toisc gur lú an líon seiceanna curtha ar ceal ná an líon lena raibh ag súil.

— *Clár um Chúnamh Bia an AE*

Suim soláthraithe sa mheastachán: €Neamhní, réalaithe: (€2.5 milliún)

Rinneadh €2.5 milliún a aisíoc don AE in 2017 maidir leis an gCiste Cúnaimh Eorpaigh Dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD). Soláthraíonn an AE cistiú do Bhallstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach an chistithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad le 31 Nollaig 2023. Faoi Airteagal 44 de Rialachán 223/2014 an AE, íocadh réamh-mhaoiniú €2.5 milliún (11% de ranníocaíocht fhoriomlánan Chiste le clár oibríochtúil na hÉireann) leis an Roinn i Nollaig 2014. Mar gheall nach ndearnadh aon iarratas ar íocaíocht ón FEAD leis an gCoimisiún faoi Nollaig 2016, tá méid an réamh-mhaoinithe tar éis a bheith íoctha ar ais leis an gCoimisiún in 2017.

## 4.2 Fáltais bhreise leis an Státchiste

| | 2017 €000 | 2016 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 19 | 6 |
| Airgead coinsiasa | 6 | 25 |
| Costais finnéithe | 1 | 1 |
| Fíneálacha an Údaráis Phinsean | 6 | 12 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (30) | (25) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **2** | **19** |

# Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

Ascnaíodh feidhm tuarastail na Roinne chuig Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i Dheireadh Fómhair 2017.

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| Ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon ball foirne** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 6,339 | 6,410 |
| Gníomhaireachtaí | 139 | 124 |
| | **6,478** | **6,534** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí)** | **€000** | **€000** |
| Pá | 292,999 | 295,338 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 868 | 1,028 |
| Liúntais eile | 343 | 389 |
| Ragobair | 3,305 | 3,129 |
| ÁSPC an Fhostóra | 18,231 | 17,903 |
| **Pá Iomlán** | **315,746** | **317,787** |

### Luach saothair fhoireann na Roinne

Tagraíonn na socruithe luach saothair a leanas do ghnéithe pá Fhotheidil A.1 (i), A.2 (viii), A.2 (ix), A.24.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 285,436 | 288,147 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 819 | 983 |
| Liúntais eile | 343 | 389 |
| Ragobair | 3,305 | 3,129 |
| ÁSPC an Fhostóra | 17,584 | 17,301 |
| **Pá Iomlán** | **307,487** | **309,949** |

**Luach saothair na nGníomhaireachtaí**

Baineann an luach saothair dá dtagraítear thíos leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, leis an Údarás Pinsean agus leis an Ombudsman do Phinsin. Cuimsítear i bhfigiúir 2017 an Coimisiúin um Pá Íseal a tháinig faoi choimirce na Roinne i Meán Fómhair 2017.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,563 | 7,191 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 49 | 45 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 647 | 602 |
| **Pá Iomlán** | **8,259** | **7,838** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| Roinn | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht iomlán aonair 2017 € | Uasíocaíocht iomlán aonair 2016 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 432 | 12 | 19,505 | 19,585 |
| Liúntais eile | 45 | 16 | 11,990 | 11,804 |
| Ragobair | 1,812 | 33 | 16,336 | 14,204 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | — | 5,533 | 12,127 |
| **Gníomhaireacht** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 15 | — | 8,053 | 11,699 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta €115,552 le dhá bhall foirne is fiche faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €3.3 milliún (1,339 duine) (2016: €3.2 milliún, 1,511 duine). As seo, tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm ag €1.6 milliún (270 duine).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Aisghabháil ró-íocaíochtaí leasa

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh ag 31 Nollaig 2017:

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Toradh | | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc ag 1 Eanáir | | 393,303 | | 376,851 |
| Coigeartú | | — | | 881 |
| | | 393,303 | | 377,732 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a cuireadh i gcuntas | | | | |
| Calaois (faoi thuairim) | 36,589 | | 37,557 | |
| Earráid an éilitheora | 44,715 | | 35,258 | |
| Earráid na Roinne | 1,250 | | 1,602 | |
| Cásanna eastáit | 14,397 | 96,951 | 19,934 | 94,351 |
| | | 490,254 | | 472,083 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh[1] | (67,305) | | (67,958) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha[2] | 731 | (66,574) | 275 | (67,683) |
| Fiachais na bliana roimhe a cealaíodh[3] | | (9,717) | | (9,257) |
| Suimeanna a díscríobhadh toisc nach féidir iad a aisghabháil | | (1,793) | | (1,840) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc ag 31 Nollaig | | 412,170 | | 393,303 |

[1] Áirítear leis an méid a aisghabhadh i 2017:

- €62.5 milliún a breacadh in ioncam maidir le fiachas na bliana roimhe
- €4.8 milliún in ioncam a breacadh maidir le fiachas na bliana roimhe.

[2]Rinneadh an coigeartú de €731,000 maidir le haisghabhálacha na bliana roimhe sin a cuireadh i dtaifead a cealaíodh i 2017.

[3]Is ionann fiachais chealaithe na bliana roimhe sin de €9.7 milliún agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais sa bhliain roimhe sin a cealaíodh i 2017.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí na Roinne** | **Costais dlí a bronnta** | **Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag fostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta[1] | 19 | 24 | 21 | 76 | 121 | 395 |
| Sárú ar bheartais AD/fostaíochta[2] | 8 | 47 | 37 | 54 | 138 | 11 |
| **Éilimh ag daoine den phobal** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta[3] | 13 | 18 | 12 | 27 | 57 | 42 |
| Scéimeanna na Roinne[4] | 646 | 92 | 31 | 3,288 | 3,411 | 3,515 |
| Eile[5] | 3 | 1,252 | 17 | 17 | 1,286 | 446 |
| | | **1,433** | **118** | **3,462** | **5,013** | **4,409** |

[1] Idir €40 agus €54,684 a bhí i gceist maidir leis na costais iomlána a bhain le daoine aonaracha.

[2] Idir €2,400 agus €58,573 a bhí na costaisí. Bhain na cásanna siúd le sárú freagrachtaí um shonraí pearsanta, le hidirdhealú faoi bhun na reachtaíochta um dhínit san ionad oibre, le cás maidir le cód smachta na státseirbhíse, dífhostú éagórach faoi Alt 8 den Acht um Dhífhostú Éigórach 1977 (dhá chás), le cás sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre maidir leis an Acht um Eagrú Ama Oibre 1997, cás bainteach leis na hAchtanna Comhionannaos agus líomhain i gcoinne ball foirne agus iad i mbun a gcuid dhualgas.

[3] Bhí na híocaíochtaí idir €40 agus €44,526.

[4] Rinneadh costaisex-gratia, íocaíocht mar gheall ar chumhacht ceannaigh a chailleadh agus íocaíochtaí costais dlí suas go dtí €89,841 maidir le Liúntas Cúramóra, Liúntas Leanaí, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúraim Baile, Liúntas Leictreachais Saor in aisce, Liúntas Cuardaoitheora Poist, agus Scéimeanna um na Neachtlanna Magdalene agus institiúidí eile, agus de chuid Oifig an Ombudsman do Phinsin agus Scéimeanna Pinsin Waterford Crystal.

[5] Bhí na costais iomlán idir €33,877 agus €1,044,006. Bhí na cásanna bainteach le teidlíochtaí pinsin (dhá chás) agus cás amháin a bhain le hathshlánú cothabhála.

## 6.3 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach i 75 cás dlí a d’fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## 6.4 Tabhairt ar aghaidh an buiséad riaracháin

De réir forálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, rinneadh €1 milliún de leithdháileachán nár caitheadh é maidir leis na gnéithe caipitil de bhFocheann A.2.(v) agus A.2.(vi) a chur ar aghaidh go dtí 2018.

## 6.5 Cistí an Aontais Eorpaigh

**Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa**

Fuarthas €500,000, ar an cistiú ón AE maidir le Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE). Tá sé mar dhualgas ag an SCE cúnamh a thabhairt do Bhallstáit maidir le forfheidhmiú na Comhroinnte Leictreonach d'Fhaisnéis Slándála Sóisialaí ar bhonn náisiúnach. Beidh an RGFCS agus an FSS ag feidhmiú i gcomhar a chéile chun críche an fhorfheidhmithe seo. D'fhaomh an AE maoiniú de €1 milliún don SCE agus tá an iarmhéid dlite le bheidh íoctha ag deireadh an gComhaontais Dheontais, 31 Nollaig 2018.

**An Ciste Eorpach don Domhandú**

Fuarthas €265,975, ar an iomlán, maidir le clár Lufthansa Technik Airmotive an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (an CECD) ón AE. Soláthraíonn an CECD tacaíocht aonair theoranta aonuaire do dhaoine ar fud na hÉireann i gcuideachtaí agus in earnálacha áirithe a rinneadh iomarcach mar thoradh ar dhomhandú.

Aisíocadh €2,988 don Roinn Oideachais agus Scileanna. Baineann an aisíocaíocht le méid airgid a fuarthas gan fios dúinn ón Roinn Oideachais agus Scileanna in 2016 mar chuid de chomhmhaoiniúchán i dtreo chostas na liúntas agus na ndreasacht a chuireann an Roinn ar fáil do chliaint de chuid Andersen Ireland EGF.

**Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta**

Fuarthas suim €249,030 (réamhíocaíocht de €169,354 do mhaoiniú 2017 agus €79,676, an íocaíocht iarmhéid maidir le maoiniú 2016) ó chlár EaSI (Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta) maidir le comhpháirtíocht EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) Trasteorann na hÉireann/Thuaisceart Éireann chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú, a eagraíonn an Coimisiún Eorpach go lárnach agus a riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí sna ballstáit.

**An Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí**

Tacaíonn an Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD) le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Tabhaíodh caiteachas de €4 milliún i gcur i bhfeidhm an chláir seo go Nollaig 2017.

Soláthraíonn an AE cistiú do Bhallstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach an chistithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad le 31 Nollaig 2023. Faoi Airteagal 44 de Rialachán 223/2014 an AE, íocadh réamh-mhaoiniú €2.5 milliún (11% de ranníocaíocht fhoriomlánan Chiste le clár oibríochtúil na hÉireann) leis an Roinn i Nollaig 2014. Mar gheall nach ndearnadh aon iarratas ar íocaíocht ón FEAD faoi Nollaig 2016, b'éigean don Roinn an €2.5 milliún de mhaoiniú a íoc ar ais leis an gCoimisiún. Ní dhéanfaidh an aisíocaíocht difear do ranníocaíocht iomlán an AE atá le híoc le clár oibríochtúil an FEAD in Éirinn.

D'aighnigh an Roinn ar éileamh den chéad uair faoin gclár i Nollaig 2017 ar luach de €3.2 milliún. Fuarthas an aisíocaíocht sa chéad ráithe de 2018.

## 6.6 Ús ar íocaíocht dhéanach

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí úis | 9 | 10 |
| Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | — | — |

## 6.7 Díscríobhaí

Rinneadh na hiarmhéid cuntas fionraí toraidh seo a leanas a dhíscríobh le linn na bliana, tar éis dúinn cead a fháil ón Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Líonraí OOP | 115 | — |
| Ríomhairiú OOP | 10 | — |
| | **125** | **—** |

## Aguisín A
## An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí
## Achoimre ar an gClár Caiteachais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Vóta 37** | | |
| **Ollchaiteachas** | **11,035** | **11,215** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas nach faoi scéim é*** | | |
| Riarachán | (521) | (486) |
| Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (53) | (49) |
| Deontas leis Oifig an Ombudsman do Phinsin agus An Coimisiún um Pá Íseal | (1) | (1) |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | (9) | (6) |
| **Caiteachas scéim Vóta 37 (A)** | **10,451** | **10,673** |
| | | |
| **CÁS** | | |
| **Ollchaiteachas** | **9,516** | **9,154** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas nach faoi scéim é*** | | |
| Riarachán | (274) | (273) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (431) | (390) |
| **Caiteachas scéim CÁS (B)** | **8,811** | **8,491** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)** | **19,262** | **19,164** |

## Miondealú ar Chaiteachas Scéime

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit | 5,911 | 5,644 |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,476 | 1,446 |
| **Iomlán** | **7,387** | **7,090** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 2,103 | 2,452 |
| Íocaíocht Theaghlaigh Aontuismitheora | 498 | 501 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 340 | 356 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 29 | 38 |
| Sochar Máithreachais | 256 | 255 |
| Sochar Atharthachta | 12 | 2 |
| Íocaíochtaí Liúntais Leasa Forlíontach Bunúsacha | 97 | 89 |
| Cúnamh Feirme | 78 | 79 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 73 | 74 |
| Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Ioncaim Eile | 50 | 44 |
| Liúntas Réamhscoir | 4 | 9 |
| Sochair Chóireála | 41 | 31 |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamhranníocach) | 14 | 14 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 2 |
| Sochar Uchtaíoch | 1 | 1 |
| Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **3,598** | **3,948** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Forlíonadh Cíosa | 231 | 275 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 232 | 230 |
| Liúntas Breosla | 229 | 235 |
| Saorthaisteal | 77 | 77 |
| Forlíonadh Ús Morgáiste | 4 | 7 |
| **Iomlán** | **773** | **824** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Fostaíochta do Dhaoine in Aois Oibre** | | |
| Clár Fostaíochta Pobail | 351 | 356 |
| Liúntas chun Filleadh ar an Oideachas | 94 | 115 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Obair | 115 | 124 |
| An Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 24 | 29 |
| Scéim TÚS um Obair don Phobal | 109 | 119 |
| An Scéim Intéirneachta Náisiúnta – JobBridge | 7 | 38 |
| JobsPlus | 29 | 24 |
| Scéim um Fhóirdheontas Pá | 21 | 19 |
| Daoine in Aois Oibre - Tacaíochtaí Fostaíochta Eile | 46 | 45 |
| Clár Seirbhísí Pobail | 42 | 44 |
| Scéim Sóisialta Tuaithe | 44 | 42 |
| Gateway | 4 | 21 |
| Tionscnamh Post | 19 | 20 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 16 | 13 |
| **Iomlán** | **921** | **1,009** |

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,469 | 1,358 |
| Liúntas Míchumais | 599 | 597 |
| Pinsean Easláine | 673 | 645 |
| Íocaíocht do Chúramóir | 766 | 686 |
| Deontas Tacaíochta do Chúramóirí | 193 | 172 |
| Liúntas Chúraim Baile | 152 | 133 |
| Sochar Míthreorach | 77 | 75 |
| Pinsean Dall | 13 | 14 |
| Sochar Díobhála | 20 | 19 |
| **Iomlán** | **3,962** | **3,699** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,086 | 2,078 |
| Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh | 415 | 415 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua | 49 | 40 |
| Béilí Scoile | 46 | 37 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 25 | 24 |
| **Iomlán** | **2,621** | **2,594** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na Scéimeanna go léir** | **19,262** | **19,164** |

## Aguisín B Cuntas comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Sa tábla thíos luaitear na comhlachtaí atá maoinithe faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil oibleagáid ag an Roinn ráitis airgid a chur i láthair ina leith. Tugtar le fios ann, ag deireadh Márta 2018, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta is deireanaí chomh maith le cathain ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

**Ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016**

| Ciste comhlachta/ rannach | Dáta na tuarascála iniúchóra | Dáta ar a bhfuair an tAire / an Roinn é | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais é |
|---|---:|---:|---:|
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 26 Meán Fómhair 2017 | — | 22 Samhain 2017 |
| Oifig an Ombudsman do Phinsin | 30 Meitheamh 2017 | 3 Iúil 2017 | 10 Lúnasa 2017 |
| An tÚdarás Pinsean | 15 Meitheamh 2017 | 26 Meitheamh 2017 | 10 Lúnasa 2017 |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 29 Meitheamh 2017 | 20 Iúil 2017 | 8 Meán Fómhair 2017 |